**Ordú na Cúirte Ginearálta an 15 Iúil 2022 – El Corte Inglés v EUIPO – Brito & Pereira (TINTAS BRICOR)**

**(Cás T-317/21)** ([1])

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Cúlghairm an chinnidh atá faoi chonspóid – Caingean in éagmais aon chuspóir anois – Cás nach dtéann ar aghaidh chun breithiúnais)***

(2022/C 359/90)

*Teanga an cháis: an Spáinnis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir*: El Corte Inglés, SA (Maidrid, an Spáinn) (ionadaí: J. Rivas Zurdo, Dlíodóir)

*Cosantóir*: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) (ionadaí: J. Crespo Carrillo, i gcáil Gníomhaire)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair Bhord Achomhairc EUIPO:* Brito & Pereira (Vizela, an Phortaingéil)

**Ábhar**

Trína chaingean faoi Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí ar neamhní cinneadh ón gcéad Bhord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 26 Márta 2021 (Cás R 882/2020-1).

**An chuid oibríochtúil**

1) Ní gá a thuilleadh don chaingean dul ar aghaidh chun breithiúnais.

2) Ordaítear d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) a costais féin agus na costais arna dtabhú ag El Corte Inglés, SA a íoc.

([1]) IO C 289, 19.7.2021.

---

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 19 Iúil 2022 – Anglofranchise v EUIPO – Bugrey (BOY LONDON)**

**(Cás T-439/21)** ([1])

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí cealaithe – Aistarraingt an iarratais neamhbhailíochta – Cás nach dtéann ar aghaidh chun breithiúnais)***

(2022/C 359/91)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir*: Anglofranchise Ltd (Londain, an Ríocht Aontaithe) (ionadaithe: P. Roncaglia, F. Rossi, N. Parrotta agus R. Perotti, Dlíodóirí) *Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: R. Raponi agus J. Crespo Carrillo, Gníomhairí)

*Páirtí eile os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO, ag idiragairt os comhair na Cúirte Ginearálta:* Yuliya Bugrey (Milano, an Iodáil) (ionadaí: D. Russo, Dlíodóir)

**Maidir le:**

Caingean arna tabhairt i gcoinne chinneadh an Chúigiú Bord Achomhairc de EUIPO an 23 Aibreán 2021 (Cás R 459/2020-5), maidir le himeachtaí cealaithe idir Yuliya Bugrey agus Anglofranchise.

**An chuid oibríochtúil**

1. Ní gá breith a thabhairt ar an gcaingean a thuilleadh;

2. Ordaítear do Anglofranchise Ltd agus Yuliya Bugrey a gcuid costais féin agus leath amháin an duine de na costais arna dtabhú ag Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) a íoc.

(1) IO C 357, an 6.9.2021.

---

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 20 Iúil 2022 – Sanoptis v EUIPO – Synoptis Pharma (SANOPTIS)**

**(Cás T-30/22)** [1]

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí freasúra – An t-iarratas ar chlárú a tharraingt siar – Ní gá rialú a dhéanamh)***

(2022/C 359/92)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Sanoptis Sàrl (Lucsamburg, Lucsamburg) (ionadaí: S. Rost, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaí: D. Gája, Gníomhaire)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO:* Synoptis Pharma sp. z o.o. (Vársá, An Pholainn)

**Maidir le:**

Lena chaingean atá bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfear cinneadh ón gCeathrú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 18 Samhain 2021 (Cás R 850/2021-4) ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1. Ní gá rialú a dhéanamh ar an gcaingean a thuilleadh.

2. Ordaítear do Sanoptis Sàrl na costais a íoc.

(1) IO C 119, 14.3.2022.

---

**Caingean arna tabhairt an 7 Bealtaine 2022 – Aziz v an Coimisiún**

**(Cás T-266/22)**

(2022/C 359/93)

*Teanga an cháis: An Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Ahmad Aziz (Pieta, Malta) (ionadaí: L. Cuschieri, Dlíodóir)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— cinneadh uimhir Ares(2022)3227480 an 26 Aibreán 2021 ón gCoimisiún Eorpach, gan sonraí pearsanta an iarratasóra a cheartú de bhun Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1] a chur ar neamhní;